CAIBIDIL 23

PÁTRÚIN AGUS EALAÍONTÓIRÍ SAN IODÁIL IN AIMSIR AN RENAISSANCE

Ealaíontóirí i gCúirteanna na hIodáile

Ní tír aontaithe a bhí i leithinis na hIodála in aimsir an Renaissance ach stáit neamhspleácha agus iad á rialú ag diúic agus ag prionsaí (fíor 23.1). Bhí neart páláis ríthaibhseacha sna stáit sin agus iad ag breith bairr dá chéile le breáthacht. Bhain tábhacht faoi leith le cúirt Sforza Milano, le cúirt theaghlach Gonzaga Mantua agus le cúirt Frederico da Montefeltro, diúc Urbino. Cathairstáit sár-chumhachtacha iontu féin ba ea an Veinéis, Siena agus Flórans, áfach. Bhí siad chun tosaigh ar fad ó thaobh na polaitíochta de agus níor chaill siad a neamhspleáchas riamh in ainneoin na naimhde ar gach aon taobh.

Bhí an-choimhlint idir na patrúin riamh anall ach chuaigh an choimhlint sin i dtreise aimsir an Renaissance. Ag an am sin measadh go raibh sé riachtanach oideachas daonnachaíoch a bheith ar an té a bhí i gceannas. An bunsmaoineamh daonnachaíoch, bhí sé i réim arís: chaitheadh an rialtóir a cheart chun rialaithe a dheimhniú trí airgead a chaitheamh go fial ar fhoirgnimh áille agus ar shaothair ealaíne.

Fíor 23.1 An Iodáil in aimsir an Renaissance

Flórans

Bhí Poblacht Fhlórans ar cheann de na stáit ba chumhachtaí agus ba shaibhre san Eoraip. Bhí tionscal an-láidir olla inti ach bhí airgeadra dá cuid féin aici ar a dtugtaí an flóirín. Bhí brainsí ag bainc Fhlórans i dtíortha eile san Eoraip agus dá bharr sin bhí an floirín ar an gcéad bhonn airgid chun ról tábhachtach a imirt i saol tráchtála na hEorpa.

Lárionad ealaíne ba ea Flórans aimsir an Renaissance. Choimisiúnaigh na cuallachtaí saothair ealaíne sna háiteanna poiblí agus bhí roinnt mhaith pátrúin phríobháideacha ann chomh maith. Bhain cúrsaí reiligiúin le gach gné den saol agus ba mhinic a choimisiúnaíodh teaghlaigh ghustalacha saothair ealaíne dhiaga. Ba é an teaghlach pátrúnachta ba mhó cáil ná muintir de Medici – Cosimo, Piero, a mhac agus Lorenzo, a gharmhac.

Na Medici – Rialtóirí Fhlórans agus Pátrúin na nEalaíon

Bhí muintir de Medici ina mbaincéirí ag an bPápacht agus b'in mar a chruinníodar a stór. Óna athair a fuair Cosimo il Vecchio a chuid airgid agus tháinig sé féin chun cinn go mór i réimse na polaitíochta. Díbríodh as an gcathair é ar feadh tamaill ach d'fhill sé uirthi sa bhliain 1434 agus rinneadh rialtóir na cathrach de. Bhláthaigh an chathair faoi réimeas na Medici ach choinnigh an triúr acu, Cosimo, Piero agus Lorenzo an pobal faoi dhiansmacht. Bhí an-rath ar na healaíona lena linn, áfach, agus bhí Flórans ina foinse inspioráide ag diúic agus ag prionsaí na stát máguaird (fíor 23.2).

Cosimo il Vecchio

Saol sách simplí a chleacht Cosimo féin ach chaith sé roinnt mhaith dá chuid airgid ar chúrsaí carthanachta, oideachais, litríochta agus ealaíne. Bhailigh sé an t-uafás lámhscríbhinní agus b'aige féin a bhí an leabharlann ba mhó san Eoraip. Duine an-chráifeach a bhí in Cosimo. Chuir sé a lán airgid ar fáil chun eaglaisí a thógáil, a athchóiriú agus a mhaisiú. Bhain Ghiberti,

ART-APP(ch 17-29) Done.indd 268 15/02/2015 23:45

Fíor 23.2 Teacht na Ríthe (an chéad fhalla), sonra as TEACHT NA RÍTHE, Benozzo Gozzoli, Séipéal Medici, Pálas Medici, Flórans

Brunelleschi, Donatello, Alberto, Uccello agus Fra Angelico ar fad lena mheitheal ealaíontóirí.

San Marco i bhFlórans agus Fra Angelico

Ba iad Eaglais San Lorenzo, a bhí in aice láimhe, agus Clochar na nDoiminiceach in San Marco na séipéil ba thábhachtaí ag Cosimo. I gcás San Marco chuir sé na múrtha airgid ar fáil chun é a athchóiriú agus roghnaigh sé duine de na manaigh chun na ballaí a phéinteáil. D'oibrigh Fra Angelico agus scata cúntóirí ar feadh 10 mbliana ar shraith freascónna ann. Stíl shimplí shrianta atá in úsáid iontu, iad saor ar fad ó ornáidíocht agus ó mhionsonraí.

Fra Angelico (1395–1455)

Bhí de cháil ar Fra Giovanni, fiú lena linn féin, gur naomh inspioráidithe a bhí ann agus baisteadh an t-ainm Fra Angelico air, tar éis a bháis. Faoin ainm sin is fearr aithne air ó shin i leith. B'ealaíontóir an-ghairmiúil é Fra Angelico a rith a cheardlann go han-éifeachtach. Ach ina dhiaidh sin féin, tá séimhe agus smacht shaol na mainistreach le sonrú ar a shaothar. Ina leabhar ***Beathaí na Naomh*** deir Vasari gur mhair Fra Angelico go naofa agus go mbíodh sé ag sileadh na ndeor agus Céasadh ár dTiarna á phéinteáil aige.

Freascónna San Marco

Phéinteáil Fra Angelico agus a chuid cúntóirí sraith radharc diaga ar bhallaí na gcillíní inar mhair na manaigh i mainistir San Marco. Tá suaimhneas iontach le brath ar an 45 pictiúir shimplí sin. Is é *Teachtaireacht an Aingil* (fíor 23.3) an radharc is mó cáil ar fad acu agus is é is mealltaí. Tá an saothar saor ar fad ó ornáidíocht bhreise ar bith agus baintear úsáid as peirspeictíocht an-láidir ann, meastar gurb é tionchar Masaccio faoi deara an dá thréith sin.

Fíor 23.3 TEACHTAIREACHT AN AINGIL, Fra Angelico, freascó i gcillín i San Marco, Flórans

ART-APP(ch 17-29) Done.indd 269 15/02/2015 23:45

Fíor 23.4 An Mhaighdean Mhuire agus na Naoimh, sonra ó mhír altóra ANNALENA, Fra Angelico, Iarsmalann San Marco, Flórans

An Mhír Altóra i séipéal San Marco

Choimisiúnaigh Cosimo de' Medici mír altóra don ardaltóir i séipéal San Marco. Bhí sí ar cheann de na míreanna ba ghalánta agus b'ardnósaí de chuid an Quattrocentro (ainm a thugtaí ar na himeachtaí cultúrtha agus ealaíonta sin go léir a bhain leis an 15ú céad san Iodáil (fíor 23.4)). Is iad an Mhaighdean Mhuire, an leanbh Íosa agus na naoimh is ábhar don mhír. Ach is do Naomh Cosmos agus do Naomh Damian atá sí tiomnaithe, agus is iadsan an bheirt atá chun tosaigh ann. As Cosmos a ainmníodh Cosimo de' Medici agus glactar leis gurb eisean féin atá á léiriú mar Naomh Cosmos.

De réir an tseanchais, shlánaigh Dia féin na naoimh ón mbás cúpla uair i rith a saoil. Léirítear cuid de na heachtraí sin i naoi bpictiúr bheaga ar an *predella*, bun ornáideach na míre altóra. Baineadh as a chéile é níos déanaí agus tugadh pictiúir an *predella* chun siúil. I bhFlórans féin atá dhá cheann de na pictiúir inniu. Tá na cinn eile le feiceáil in Washington, in Munchen, i bPáras agus i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Radharc ón bpredella i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann

Mairtíreacht Naomh Cosmas agus Naomh Damien (fíor 23.5) atá á léiriú in *predella* mhír altóra San Marco. Rinneadh iarrachtaí go leor an bheirt naomh a chur chun báis i rith a saoil. Léirítear iarracht amháin díobh sin sa radharc seo nuair a rinneadh iarracht ar an mbeirt naomh, mar aon le triúr deartháracha dá gcuid, a chur chun báis le tine. Ar an mbalcóin laistiar díobh, léirítear leaschonsal na Siria, fear a dhaor chun báis iad. Is iad na básadóirí atá i mbaol ó na lasracha, agus tá na naoimh féin slán ón tine.

Cé go bhfuil cuma shimplí ar an radharc is léir go ndearna Fra Angelico an-mhachnamh ar an leagan amach. Úsáideann sé línte peirspictíochta ar mhaithe leis an doimhneacht a chruthú.

Séipéal Theaghlach Brancacci

Pátrúin thábhachtacha eile de chuid Fhlórans ba ea muintir Brancacci. Sa bhliain 1423 choimisiúnaigh Felice Brancacci freascó ornáideach i séipéal beag an teaghlaigh in Santa

Fíor 23.5 Mairtíreacht Naomh Cosmas agus Naomh Damian, Fra Angelico, Gailéaraí Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath

Maria del Carmine. Bhí an freascó ina fhoinse inspioráide ag ealaíontóirí ar feadh breis agus céad bliain ina dhiaidh sin.

Na hEalaíontóirí

D'fhostaigh sé Masolino da Panicale, péintéir a raibh an-teist air chun an obair a dhéanamh. Thug an t-ealaíontóir cúntóir óg leis darb ainm Masaccio, agus rinne siad beirt freascónna ar na ballaí uachtaracha go dtí go ndeachaigh Masolino ag obair in áit eile. Lean Masaccio leis an obair dá uaireasa agus d'oibrigh sé ar na painéil íochtair go dtí gur cailleadh é gan choinne, rud a d'fhág an saothar gan chríochnú ar feadh na mblianta.

Masaccio (1401–1428)

Péintéir den scoth ba ea Masaccio ach fuair sé bás nuair nach raibh sé ach 27 bliain d'aois. Tá an-teist air mar ealaíontóir in ainneoin go bhfuair sé bás agus é chomh hóg sin. Rinne sé roinnt de na saothair ba thábhachtaí de chuid an Luath-Renaissance. Cé gurb í an stíl chlasaiceach a chleacht sé, bhí stíl dá chuid féin aige, stíl a bhí srianta, beacht, eolaíoch agus nuálach ar fad.

FÍOR 23.6 CATHÚ Á CHUR AR ÁDHAIMH, Masolino, Séipéal Brancacci, Flórans

Na Freascónna i Séipéal Brancacci

Ar shaol Naomh Peadar atá na pictiúir i séipéal Brancacci bunaithe ach is é slánú an duine an buntéama atá faoi chaibidil iontu go léir. Ní de thaisme a roghnaíodh Naomh Peadar sna pictiúir sin mar go léiríonn an chéad Phápa ról na hEaglaise mar idirghabhálaí idir an duine agus Críost ár slánaitheoir.

Díbirt Ádhaimh agus Éabha as Gairdín Éidin

Le hÁdhamh agus Éabha a thosaíonn an tsraith freascónna. Ba é a bpeaca siúd in aghaidh Dé an chéad uair a raibh gá le hidirghabháil idir Dia agus an duine. Phéinteáil Masolino agus Massacio íomhánna d'Ádhamh agus d'Éabha ar na colúin iontrála sa séipéal. Is fiú an dá shaothar a chur i gcomparáid lena chéile.

Leis an stíl Ghotach dhéanach a bhaineann *Cathú á chur ar Ádhamh* le Masolini (fíor 23.7). Íomhá mhánla ghalánta atá inti, ní hionann agus saothar Massacio, *Díbirt Ádhaimh agus Éabha as Gairdín Éidin* (fíor 23.7) a bhaineann le stíl an Luath-Renaissance. Fíoracha caola caoine atá i saothar Masolini. Tá aghaidheanna fíneáilte orthu, iad ina seasamh go ciúin sa ghairdín agus an nathair nimhe ar foluain os a gcionn i riocht mná. Níl fíoracha Masolini chomh mín céanna leis an mbeirt eile ach tá an-drámaíocht faoin insint ina chás seisean. Tá na fíoracha lomnocht agus tá an crá croí le léamh go soiléir ar a n-aghaidheanna agus iad ag titim i ndiaidh a gceann le teann náire. Tá Ádhamh agus Éabha á ndíbirt as an nGairdín go Gleann na nDeor. Is ríléir a ndearóil ar a gcuid gothaí agus ar a ndreach. Ardaíonn Éabha a ceann chun liú a ligean aisti féin agus clúdaíonn Ádhamh a aghaidh, é ag titim chun cinn go liopasta agus na deora leis.

In ainneoin an éadóchais bhacaigh sin ar fad éiríonn le Masolini áilleacht na colainne a léiriú. An peacach féin, níl sé íseal ar fad ná níl sé gan dínit, de réir an phictiúir seo. Thabharfadh gothaí Éabha dealbh chlasaiceach faoi leith chun do chuimhne. Is í sin *Venus Pudica* (fíor 23.8), dealbh a raibh cáil mhór uirthi an uair sin. Is é 'Véineas Chúthail' is ciall leis an Iodáilis agus baisteadh an t-ainm sin air mar go bhfuil an bhean ar a dícheall ag iarraidh a colainn nocht a chlúdach. Ach is mó go mór saothar Masaccio ná aithris lom ar sheanfhoirmeacha. Tá réalachas úr faoina chuid oibre, rud a dhéanann nua agus speisialta é.



FÍOR 23.7 DÍBIRT ÁDHAIMH AGUS ÉABHA AS GAIRDÍN ÉIDIN, Masolino, Séipéal Brancacci, Flórans

Tionchar Giotto ar Masaccio

Is léir go raibh Massacio tar éis go leor a fhoghlaim ó theicníochtaí peirspictíochta Brunelleschi agus ó dhealbhóireacht saorsheasaimh Donatello. Ba é Giotto an t-ealaíontóir ba mhó a chuaigh i gcion ar a chuid péintéireachta, áfach. Bhí sé ina oidhre ar na teicnícíochtaí a cheap Giotto céad bliain roimhe sin. D'athbheoigh sé an stíl nua chun spás tríthoiseach agus fíoracha soladacha réalaíocha a chruthú a raibh gothaí nádúrtha fúthu. Bhain a shaothar cáil thar na bearta amach agus ba é Masaccio a spreag roinnt mhaith ealaíontóirí de chuid an luath-Renaissance i ndáiríre.

Airgead Screabaill

Ar an gcuid uachtair den tsraith atá an radharc ollmhór *Airgead Screabaill* le feiceáil (fíor 23.9), é díreach taobh le *Díbirt Ádhaimh agus Éabha as Gairdín Éidin*. Baineann an freascó leis an táille bhliana a bhíodh á ngearradh ag lucht bailithe cánach le haghaidh chothabháil an teampaill in Iarúsailéim. Ar shoiscéal Mhatha atá an radharc bunaithe. Ar theacht isteach

FÍOR 23.8 VENUS PUDICA, (Véineas Medici), Gailéaraí Uffizi, Flórans

Giornata

In *Díbirt Ádhaimh agus Éabha as Gairdín Éidin* tá an dath gorm asairíte tar éis imeacht as an bplástar timpeall ar cheann Ádhaimh. Níl fágtha ach an dath liathghorm a cuireadh mar chóta séalaithe ar an bplástar fliuch. Sampla is ea an méid sin de *giornata*, nó an méid den fhreascó a péinteáladh in aon lá amháin.

FÍOR 23.9 AIRGEAD SCREABAILL, Masolino, Séipéal Brancacci, Flórans

i gCafarnáum d'Íosa agus a chuid deisceabal, tagann duine de na bailitheoirí ag triall ar Pheadar: 'Nach n-íocann bhur máistir an dá dhrachma?' ar sé. Tá drogall ar Pheadar an fear a íoc ach deir Íosa leis: "Ach le heagla go dtabharfaimis scannal do na daoine seo, téigh síos chun na farraige agus caith amach duán, agus an chéad iasc a thiocfaidh aníos tóg é agus nuair a osclóidh tú a bhéal gheobhaidh tú státar ann. Tóg é sin agus íoc leo mo tháillese agus do tháille féin." (Matha 17: 27-30).

Is spéisiúil an ní é go léireofaí an eachtra fhánach sin thar eachtraí eile an Bhíobla, go háirithe i saothar atá chomh hollmhór leis. Is iomaí sin tuairim i leith an rogha ábhair ach gach seans go mbaineann sé le hardú cánach a bhí á mholadh ag an am. Baincéir ba ea Felice Brancacci, dar ndóigh, agus is cinnte go dtuigfeadh sé tábhacht an airgid mar aon leis an gceangal a bhí ar gach cathróir cur le ciste an stáit.

Scéal Trí Mhír

Ina trí mhír a léirítear eachtra an screabaill. Is é Críost féin atá i lár an fhreascó, é ag caint le Peadar agus méar á díriú ar chlé chun na farraige aige. Tá Peadar idir dhá chomhairle, sa chéad mhír sin. Feictear ar a ghogaide sa dara mír é, áfach, an bonn airgid á bhaint as béal an éisc aige. Sa tríú mír, bronnann Peadar an t-airgead ar an mbailitheoir cánach.

Tá an-tuiscint ag Masaccio ar an gcolainn. Lasann an solas filltíní na n-éadaí agus gearrann sé scáilí móra dorcha san éadach. Cuireann sé solas, scáth agus doimhneacht i gcéill ar bhealach a thugann cuma an-suntasach dá chuid fíoracha. D'fhág an clasaiceas a lorg ar Masaccio agus is cinnte go n-oibríodh sé go dlúth le healaíontóirí na stíle nua. Is cosúil leagan amach na ndeisceabal anseo, mar shampla, leis an ngrúpa leathchiorclach in *Ceathrar Naomh Corónaithe* le Nanni de Banco (féach Caibidil 22, fíor 22.2). Léinte Gréagacha den chineál céanna atá á gcaitheamh ag na fíoracha sa dá phictiúr freisin.

Is é an stáidiúir chéanna atá ar Pheadar agus ar Chríost araon. Déanann siad beirt leathghlúin a lúbadh beagán, rud a thugann le fios go bhfuil an t-údarás céanna acu. Is é údarás mór an Phápa a bhainfí as an méid sin, b'fhéidir. Tá an stáidiúir chéanna ar Pheadar agus atá ar an mbailitheoir cánach chomh maith. Fágann sé sin gur ríléir cé hiad príomhcharachtair an phictiúir.

An Pheirspictíocht

Clúdaíodh na freascónna le deatach de bharr dóiteáin sa séipéal na blianta ó shin. Rinneadh cúpla iarracht ar iad a athchóiriú ach ní raibh aon rath ar na hiarrachtaí go dtí le déanaí. Feicimid arís an spéir gheal ghorm, stríocaí bána na scamall, na tithe feirme, na fálta ar shleasa na gcnoc agus na sléibhte faoi chaipíní sneachta ag síneadh siar, a bpeirspictíocht gan locht.

Cruthaíonn imlínte glana an fhoirgnimh fráma mórthimpeall ar Pheadar agus ar an mbailitheoir cánach. Baineann an t-ealaíontóir an-leas as línte peirspictíochta. Meallann na línte sin an tsúil go lárphointe an phictiúir, áit a bhfuil cloigeann Chríost le feiceáil.

An Tríonóid

Leag Masaccio béim an-mhór ar an bpeirspictíocht. Léiriú an-mhaith ar an méid sin is ea an freascó clúiteach ar bhalla shéipéal Naomh Maria Novella i bhFlórans. Tagann na línte peirspictíochta uile le chéile d'aon phointe téaltaithe amháin sa phictiúr *An Tríonóid* (fíor 23.19) Tá sé ar cheann de na chéad phictiúir inar úsáideadh an teicníocht sin.

Chlúdaigh taibearnacal an freascó níos déanaí ach cuireadh as an tslí é sin sa 19ú haois. Baineadh an freascó anuas den bhalla timpeall ar an am céanna, rud a rinne roinnt mhaith damáiste dó. Cuireadh ar ais ar an mballa arís é áfach, mórán san áit chéanna ina raibh sé an chéad lá. Cruthaíonn an freascó íomhá den spás ina mbeadh séipéal beag ann agus baill na Tríonóide

Fíor 23.10 AN TRÍONÓID, Masaccio, St Maria Novella, Flórans

Naofa. Is dócha go seasann sé d'fhoirgneamh nach raibh sé d'acmhainn ag an bpatrún agus a bhean a thógáil.

Fíor ollmhór de Dhia, an tAthair, atá i roinnt mhaith den phictiúr. Tá trasnán na croise á choinneáil suas aige. Cuireann sé a Mhac inár láthair go sollúnta. Feictear Muire agus Eoin ina seasamh ag bun na croise. Taobh thíos dár líne léargais tá sarcafagas agus é claonta beagán inár dtreo. Tá creatlach ar taispeáint ann mar aon leis an seanfholáireamh Laidine: 'Bhíos féin mar thusa tráth agus beidh tusa fós mar atáimse'.

Tharraing Masaccio sceitse garbh den radharc i dtosach báire chun línte peirspictíochta an phictiúir a leagan amach. Chlúdaigh sé le plástar ina dhiaidh sin é. Chun nach gcaillfeadh sé an lárphointe chuir sé tairne sa bhalla díreach faoi bhun bhonn na croise. Ansin tharraing sé cordaí amach uaidh agus bhrúigh isteach sa phlástar iad. Tá a rian sin le feiceáil inniu féin.

Urbino

Ba é Federico da Montefeltro, diúc Urbino ba mhó a d'fhág a anáil ar chúirt iomráiteach Urbino (fíor 23.11). De bharr an baile a bheith suite in áit sách iargúlta, b'éigean don diúc dul ag tóraíocht ealaíontóirí ón taobh amuigh. Chaith sé seal ina chaptaen san arm agus ina thaidhleoir, agus sheas an taithí go mór leis agus é ar thóir lucht ealaíne. Bhí aithne aige ar an saol agus bhí sé in ann ealaíontóirí agus ailtirí a fhostú ó thuaisceart na hIodáile, agus ó thuaisceart na hEorpa freisin.
Ar a phálás féin ba mhó a bhí a aire agus scoth na n-ealaíontóirí amháin a roghnaigh sé. Chreid sé go raibh an ailtireacht ar an ealaín ba thábhachtaí acu ar fad. Bhí sé an-tógtha go deo le pálás Cosimo de' Medici agus chaith sé an-chuid airgid ar dhearadh a pháláis féin. Chloígh sé leis na treoirlínte a bhí

Fíor 23.11 Cúirt Urbino

Fíor 23.12 DIÚC URBINO AGUS BATTISTA SFORZA, A BHEAN CHÉILE, Piero della Francesca, Gailéaraí Uffizi, Flórans

leagtha amach ag Leon Alberti, scoláire daonnachach, ina leabhar dar teideal *Cúrsaí Ailtireachta*.

Fear Renaissance

Fear Renaissance go smior a bhí sa diúc. Bhí sé ina cheannaire cumasach agus samhlaíodh an tsibhialtacht agus an léann le hUrbino nuair a bhí sé féin i gceannas uirthi. Duine an-chráifeach a bhí ann freisin, saol ciúin síochánta a chaith sé. Chuir sé suim mhór i gcúrsaí fealsúnachta, i gcúrsaí matamaitice agus sa Laidin agus sa Ghréigis. Bhí teist an léinn ar Battista Sforza, a bhean chéile agus bhí an-mheas uirthi freisin. Fuair sí bás agus gan í ach 25 bliain d'aois, go gairid tar éis di a naoú páiste a thabhairt ar an saol. Ghoill a bás go trom ar an diúc.

Diúc Urbino agus a bhean

Bhí Piero della Francesca ar dhuine de na healaíontóirí ba mhó cáil a d'fhostaigh diúc Urbino. Bhí suim acu sna hábhair chéanna, sa mhatamaitic, go háirithe. Rinne sé portráid den diúc agus a bhean, portráid dhúbailte phróifíle atá ann (fíor 23.12). I ndiaidh do bhean an diúic bás a fháil a rinneadh an phortráid sin. Gortaíodh aghaidh Frederico go dona le linn turnaimint ghiústála agus meastar gurb in é fáth a ndearnadh portráid phróifíle. Ní raibh sé eisceachtúil ag an am portráid phróifíle a dhéanamh, áfach, mar bhí ealaín nua na portráidíochta bunaithe ar bhoinn na Sean-Róimhe a mbíodh próifíl cheann impire orthu de ghnáth. Díol suntais, áfach, an chaoi a ndéantar Federico agus a bhean mharbh a shuíomh ar aghaidh a chéile amach. Rachadh an suíomh faoi chroí duine. Tugtar le fios go bhfuil an bás á shárú ag a gcaidreamh buan.

Piero della Francesca (1416–92)

Áirítear Piero della Francesca ar phríomhphéintéirí na hIodáile anois, ach faoi dheireadh an 16ú céad, bhí sé nach mór ligthe i ndearmad. Toisc go n-oibríodh sé i mbailte beaga gan iomrá faoi deara é sin b'fhéidir, nó de bharr nach raibh luí ag pobal a linne lena stíl lom intleachtúil. Sa gheoiméadracht agus sa pheirspictíocht a bhí a chroí agus fágann sé mionsonraí thairis ar lár. Tá grástúlacht ag baint lena chuid oibre, áfach agus tá teibíocht ag baint léi a mheallfadh muintir an lae inniu.

Tháinig Piero faoi anáil ealaíontóirí eile, idir ealaíontóirí a tháinig roimhe agus ealaíontóirí a linne féin i bhFórans. Is cosúil a chuid fíoracha le fíoracha Masaccio. Is cinnte freisin go gcuirfeadh sé an-spéis i dteoiricí nua Leon Battista Alberti.

Is beag saothar dá chuid nach mbaineann le cúrsaí reiligiúin agus glactar leis gan cheist gurb é buaicphointe a shaothair an tsraith freascónna dar teideal *Scéal na Fíor-Chroise*, iad siúd a chruthaigh sé in Séipéal San Francesco in Arezzo. Ainneoin an damáiste a rinneadh do na freascónna i gcaitheamh na mblianta, is rí-álainn iad fós agus tá úire shoilseach ag baint leo. Tá meas as cuimse sa lá atá inniu ann ar an tsraith sin fíoracha, iad suite go maorga, socair i spás glan criostallach (fíor 23.13).

Sciúrsáil Chríost

Tá *Sciúrsáil Chríost* (fíor 23.14) ar cheann de na pictiúir is diamhra ar fad ag Piero. Sárshaothar ó thaobh na peirspictíochta de is ea é agus is fada a chiall á plé ag lucht léinn. Ceapadh gur bhain na fíoracha leis an saol comhaimsearach, tráth dá raibh. Tuigtear anois, áfach, gur siombailí iad na pearsana ar an athmhuintearas idir Eaglais Chaitliceach na Róimhe agus

ART-APP(ch 17-29) Done.indd 275 15/02/2015 23:45

Fíor 23.13 Freascó SCÉAL NA FÍOR-CHROISE, San Francesco, Arezzo, an Iodáil

Eaglaisí Ceartchreidmheacha an Oirthir. Ar éide na bhfíoracha atá an teoiric sin bunaithe. Tá róba Biosántach á chaitheamh ag an bhfear i lár an triúir ar dheis; d'fhéadfadh gur impire de chuid na Tuirce é fear na féasóige. An fear a bhfuil turban ar a cheann atá ag faire ar Chríost á sciúrsadh, d'fhéadfadh sé gur siombail é ar bhagairt na Muslamach ar an Eaglais.

Tá an pictiúr roinnte ina dhá radharc agus a fhoinse solais féin ag an dá leath. Íomhá chiúin shollúnta atá i gceist, mar is dual do Piero. Leagann sé béim ar dhínit Chríost le hais na gcéasadóirí brúidiúla atá ina thimpeall.

D'aithneofá súil ghéarchúiseach an ealaíontóra ach díriú ar an éide fhaiseanta ghorm agus órga. Taispeánann ailtireacht an pháláis chomh maith agus a thuigeann sé an pheirspictíocht mhatamaiticiúil. Tá na patrúin seice ar an urlár cruinn ceart agus iad slán ó thosach deireadh. Críost agus an dream ina thimpeall atá i gcroílár an radhairc agus meallann na línte peirspictíochta an tsúil ina threo san áit a dtagann siad le chéile, beagán ar chlé ó fhear na fuipe.

Baisteadh Chríost

Péinteáladh *Baisteadh Chríost* (fíor 23.15) do shéipéal in Borgo Santo Sepolcro, baile dúchais Piero. Tá sé ar cheann de na chéad phictiúir a rinne sé agus tá idir ghrástúlacht agus séimhe ag baint leis na fíoracha ann. Lasann solas bog na dathanna míne agus is í an spioradáltacht toradh an tsaothair ina iomláine. Feictear scáil na spéire ina luí ar chraiceann an uisce, gan oiread is cuilithín amháin ann. Tá an Spiorad Naomh ar foluain os cionn Naomh Eoin. Tugann línte míne órga le fios go bhfuil cloigeann Chríost á bhá i solas na bhflaitheas.

Tá na fíoracha féin faoi sholas ard agus níl de scáil ann ach ceann tríshoilseach fíneáilte. Is léir gurb é Borgo Santo Sepolchro an baile atá le feiceáil sa chúlra.

D'fhág Piero rian an-mhór orthu siúd a tháinig ina dhiaidh, leithéid Perugino. Bhí Raeffaello, máistir mór an Ard-Renaissance, ina mhac léinn ag Peregino.

Fíor 23.14 SCIÚRSÁIL CHRÍOST, Piero della Francesca

ART-APP(ch 17-29) Done.indd 276 15/02/2015 23:45

Fíor 23.15 BAISTEADH CHRÍOST, Piero della Francesca

Mantua

Bhí baill de theaghlach Gonzaga, an dream a bhí ag rialú i Mantua, an-fhorásach ina meon. Ar cheann de na cinntí ba thábhachtaí a rinne siad bhí an cinneadh chun scoil a bhunú ina múinfí an léann clasaiceach. Bhí clú agus cáil orthu freisin de bharr pátrúnacht a dhéanamh ar na healaíona agus nuair a rinneadh marcas de Ludovico Gonzaga sa bhliain 1444, d'fhostaigh sé meitheal mhór a raibh meon an daonnachais ina gcroí. Lorgaíodh sé comhairle ar Leon Battista Alberti go minic.

Andrea Mantegna (1431–1506)

Nuair a thug Ludovico cuireadh d'Andreas Mantegna a bheith ina ealaíontóir cúirte aige sa bhliain 1466, ba chor cinniúnach é sin i saothar an phéintéara ildánaigh lán samhlaíochta sin. Shocraigh sé síos ann go tapa agus d'oibrigh faoi thriúr rialtóirí de chuid theaghlach Gonzaga as a chéile. Bhí sé ina ealaíontóir clúiteach acu go bhfuair sé bás sa bhliain 1506. Is é an saothar is cáiliúla dá chuid ná an tsárshraith freascónna sa Palazzo Ducale in Mantua, sraith a chuimsigh portráidí den diúc agus dá theaghlach (fíor 23.16).

Tógadh Mantegna in Padua, croílár na hintleachtóireachta i dtuaisceart na hIodáile. Bhí lear mór eolais aige ar an tseandálaíocht agus dúil as cuimse aige sna seandachtaí clasaiceacha. Is cinnte gur fhág Donatelli a lorg ar a chuid fíoracha. Tá siad cruinn ceart ó thaobh na hanatamaíochta de agus iad mór, beo.

Fíor 23.16 LUDOVICO GONZAGA AGUS A THEAGHLACH, Andrea Mantegna, Palazzo Ducale, Mantua, An Iodáil

An Caoineadh os cionn Chorp Chríost

Tá máistreacht Mantegna ar an bpeirspictíocht le feiceáil sa phictiúr is neamhghnáthaí dá chuid, ***An Caoineadh os cionn Chorp Chríost*** (fíor 23.17). Corp Chríost is ábhar don phictiúr, é sínte ar fhleasc a dhroma. Tá a cholainn giorraithe ag an ealaíontóir. I bhfad amach ar an imeall atá Muire agus Eoin. Mealltar súil an bhreathnóra go dtí cosa Chríost ón tús sa tslí is go n-airíonn sé go bhfuil sé féin i láthair. Baintear úsáid neamhghnách as an bpeirspictíocht a imríonn tionchar drámata orainn, tionchar a leagann béim ar thruamhéala an scéil. Is léir gur theastaigh ón ealaíontóir béim mhór a chur ar thragóid agus ar mhaorgacht an téama naofa. Buaileann a theicníc bob ar an tsúil agus síleann an breathnóir go 'leanann' an corp ar fud an tseomra í. Leagadh an pictiúr ag ceann a chónra féin nuair a fuair Mantegna bás agus b'fhéidir gurb é sin an plean a bhí ina aigne an chéad lá.

Conclúid

Le linn an Renaissance, chuir an t-oideachas daonnachach fuinneamh úr sa traidisiún ársa clasaiceach go léireodh an rialtóir a cheart chun rialaithe ach airgead a chaitheamh go fial ar chúrsaí ealaíne. Bhain cúrsaí reiligiúin le gach gné den saol agus baineann mórán gach saothar ealaíne le téama cráifeach. Ba é príomhchuspóir na saothar ealaíne ná glóir a thabhairt do Dhia ach, ar ndóigh, chuir saothair dá leithéid go mór le stádas an phátrúin agus a theaghlaigh freisin.

FÍOR 23.17 AN CAOINEADH OS CIONN CHORP CHRÍOST, Andrea Mantegna, Palazzo Ducale, Mantua, An Iodáil

Ceisteanna

1. Ainmnigh roinnt de chúirteanna na hIodáile agus ainmnigh freisin na pátrúin agus na healaíontóirí a bhain leo.
2. Cérbh iad teaghlach de' Medici agus conas a chuir siad le healaín an Luath-Renaissance?
3. Déan cur síos ar roinnt de na gnáthghnéithe a bhain le pictiúir Piero della Francesca.
4. Cad is brí leis an téarma *giornata* i gcomhthéacs na bhfreascónna?
5. Céard is *predella* ann? Déan cur síos ar shaothar ealaíne ar bith a bhaineann le *predella*.

Aiste

1. Tá ardmheas ar Masaccio mar phéintéir ceannródaíoch a d'imir an-tionchar ar ealaíontóirí eile. Pléigh na cúiseanna atá leis sin agus bíodh aird faoi leith agat ar a shaothar i Séipéal Brancacci. Déan comparáid idir a stíl siúd agus stíl Masolino chomh maith le stíleanna ealaíontóirí eile a bhí ag saothrú i bhFlórans lena linn féin.

Staidéar ar phictiúr daite

1. Scrúdaigh ***Airgead Screabaill*** (fíor 23.9) le Masaccio agus inis an scéal de réir mar a léiríonn an t-ealaíontóir ina phictiúr é.
2. Scrúdaigh ***Caoineadh os cionn Chorp Chríost*** (fíor 23.17) le Mantegna agus mínigh cén fáth, i do thuairimse, a raibh sé i gceist ag an ealaíontóir go leagfaí an íomhá os cionn a thuama féin é, más fíor.
3. Scrúdaigh ***Sciúrsáil Chríost*** le Piero della Francesco agus luaigh an chiall atá taobh thiar den phictiúr diamhrach sin, dar le daoine áirithe. Déan tagairt do na mionsonraí míne atá le feiceáil sa phictiúr agus don úsáid chliste a bhain an t-ealaíontóir as an bpeirspictíocht (fíor 23.14).

ART-APP(ch 17-29) Done.indd 278 15/02/2015 23:45